



An Bhruiséil, 29 Eanáir 2018
(OR. en)

5584/18

TRANS 32
FIN 60

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	5300/18 TRANS 14 FIN 42
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Córas Eorpach aonair um Bainistiú Tráchta Iarnróid: an bhforófar an rogha pholaitiúil choíche?" – Conclúidí ón gComhairle (29 Eanáir 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Córas Eorpach aonair um Bainistiú Tráchta Iarnróid: an dtiocfaidh an rogha pholaitiúil chun a bheith ag feidhmiú choíche?" arna ghlacadh ag an gComhairle ag an 3593ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl an 29 Eanáir 2018.

Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2017

ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

Córas Eorpach aonair um Bainistiú Tráchta Iarnróid: an dtiocfaidh an rogha pholaitiúil chun a bheith ag feidhmiú choíche?

AN CHOMHAIRLE

- 1) TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Córas Eorpach aonair um Bainistiú Tráchta Iarnróid: an dtiocfaidh an rogha pholaitiúil chun a bheith ag feidhmiú choíche?*, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gné riachtanach de bheartas iompair an Aontais é ERTMS a chur chun cinn.
- 2) MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil ERTMS mar bhonn agus mar thaca i gcruithú limistéar Eorpach aonair iarnróid, ar tionscadal bunúsach de chuid na hEorpa é a ndearna na Ballstáit agus geallsealbhóirí eile iarrachtaí móra, agus, ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ go bhfuil imscaradh ERTMS tar éis a bheith fadálach agus, dá bhrí sin, teastaíonn tuilleadh oibre ó na geallsealbhóirí ar fad.
- 3) AIBHSÍONN SÍ na tairbhí dearfacha comhshaoil, sóisialta, eacnamaíocha, agus sábháilteachta a fhéadfar a bhaint amach le himscaradh níos gaiste ERTMS; MEABHRAÍONN SÍ gur gnéithe lárnacha de bheartas iompair an Aontais iad forbairt a dhéanamh ar iarnróid mar mhodh iompair atá níos iomaíche agus a spreagann aistriú módach ón mbóthar chuig iarnróid.
- 4) IS DÍOL SÁSAIMH DI an measúnú a rinne an Chúirt a dheimhníonn luach ERTMS mar chóras comharthaíochta uilíoch na hEorpa.
- 5) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt maidir leis an gcumas a bhaineann le ERTMS chun acmhainn agus luas iompair d'iarnród a fheabhsú agus nuair is féidir, úsáid iomlán a bhaint as chun go mbeidh iompar iarnróid níos iomaíche i gcomparáid le modhanna eile iompair.

- 6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tugadh rannchuidiú ar na mallaibh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna lárnacha d'imscaradh ERTMS, go háirithe in 2016 agus 2017:
- (i) Glacadh an cholúin theicniúil den cheathrú pacáiste iarnróid, lena bhfeabhsaítear ról Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) mar an t-údarás córais i dtaca le cur chun feidhme comhchuibhithe ERTMS;
 - (ii) Sonraíochtaí Bhunlíne 3 atá iomlán agus cobhsaí ó thaobh feidhme de, leis na hinfheistíochtaí suntasacha in imscaradh Bhunlíne 2 á gcosaint;
 - (iii) Dearbhú na nAirí "Conairí lasta iarnróid chun dlús a chur leis an iompar lasta idirnáisiúnta", arna ghlacadh an 21 Meitheamh 2016 in Rotterdam, rud a spreagann malartú faisnéise idir na Boird Feidhmiúcháin agus na Boird Bainistíochta chun sioncrónú a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach ERTMS atá ábhartha do na Conairí Lasta Iarnróid agus a thacaíonn leis an idirphlé leanúnach leis na gnóthais iarnróid;
 - (iv) Leis an bPlean Imscartha Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) (EDP) an 5 Eanáir 2017, leagtar amach na dátaí tábhachtacha¹ trína bhfeisteofar an phríomhchuid de Chonairí an Chroíghréasáin;
 - (v) Foilseachán an Choimisiúin² maidir le "*ERTMS éifeachtach agus idir-inoibritheacht a chur chun feidhme – an bealach chun cinn*", ina n-ainmnítear na céimeanna lena bhfreastalóidh geallsealbhóirí ar bhacainní a aithnítear a bheith roimh chur chun feidhme an ERTMS agus chun idir-inoibritheacht ERTMS a bhaint amach.
- 7) DEARBHAÍONN SÍ gur bunchloch é ERTMS i ndigitú na hearnála iarnróid agus gur den riachtanas é freisin chun limistéar Eorpach aonair iarnróid a bhaint amach agus SPREAGANN SÍ luasghéarú maidir le caighdeánú a dhéanamh ar aonaid ar bord chun feidhmiú céimneach éifeachtach ERTMS a chothú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá aird níos mó a thabhairt ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus ag na geallsealbhóirí ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an idir-inoibritheacht, e.g. caighdeánú ar rialacha oibríochtúla agus innealtóireachta.

¹ Beidh na dátaí ar fad tar éis 2023 faoi réir a n-athbhreithnithe roimh an 31 Nollaig 2023 i ndáil leis an tréimhse ama a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013

² Doiciméad Inmheánach Oibre (2017) 375/FI

- 8) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt maidir leis an ngá chun measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs an ullmhúcháin don cholún teicniúil ar an 4ú pacáiste iarnróid, cé acu atá na hacmhainní is gá, cumais riaracháin agus bainistíochta an chláir ag an Limistéar Eorpach Taighde (LET) chun gníomhú mar údarás córais atá éifeachtúil agus éifeachtach agus a ról feabhsaithe agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh ar an ERTMS dá bhforáiltear sa cheathrú pacáiste iarnróid, lena n-áirítear bainistiú earráidí ar shonraíochtaí an ERTMS agus cobhsaíocht na sonraíochtaí á háirithiú.
- 9) DEARBHAÍONN SÍ an gá chun córas um chomharthaíocht idir-inoibritheach agus córas rialúcháin a bhaint amach ar fud an Aontais agus AITHNÍONN SÍ gur mó na buntáistí más féidir aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna amhail na costais a laghdú agus castacht an chórais a laghdú.
- 10) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt maidir leis an ngá chun comhoiriúnacht agus cobhsaíocht an chórais a bhaint amach, dá bhrí sin DEARBHAÍONN SÍ an gá atá ann do na geallsealbhóirí ar fad, lena n-áirítear tionscal an tsoláthair, chun tacú le seachadadh réiteach agus fochóras atá ar ardcháilíocht agus iad caighdeánaithe go hiomlán chun ceartúcháin agus costais bhreise a sheachaint.
- 11) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir le díchoimisiúnú ar chórais chomharthaíochta náisiúnta na sochair a bhaineann le córas aonair ar fud an AE a thabhairt leis agus gur cheart go n-áireofaí sa phleanáil chuige sin spriocanna atá réalaíoch agus comhordaithe, agus aird á tabhairt ar an gcás ar leith a bhaineann le gach ceann de na Ballstáit agus saolré infheistíochtaí a rinneadh ar na mallaibh a léiriú.
- 12) AITHNÍONN SÍ go bhféadfaidh cásanna gnó aonair geallsealbhóirí a bheith éagsúil (amhail an costas agus na sochair a d'fhéadfadh a bheith éiginnte agus is féidir iad a bheith leithdháilte go héagothrom), agus leis sin DEARBHAÍTEAR inúsáidteacht malartuithe breise faisnéise agus na dea-chleachtais is fearr maidir le measúnú sochar a bhaineann le tionscadail aonair maidir le himscaradh ERTMS.
- 13) AITHNÍONN SÍ na moltaí ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa maidir leis an ngá atá leis na pleananna imscartha náisiúnta a chur ar chomhréim le chéile, go háirithe i gcás ina léirítear spriocdháta sa nós imeachta um easnamh iomarcach is déanaí.

- 14) IARRTAR ar an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí córas faireacháin a fhorbairt mar aon le garspriocanna soiléire le haghaidh imscaradh ERTMS sa chroíghréasán.
- 15) SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún chun imscaradh ERTMS sioncrónaithe a chothú le spriocdhátaí soiléire, go háirithe do thionscadail trasteorann agus do chonairí an chroíghréasáin ionas go seachnófar meascán mearaí d'imscaradh ERTMS agus go gcruthófar líonra ETCS atá i seirbhís ar fud AE, ag tacú ar bhealach níos éifeachtúla le hoibríochtaí Gnóthas Iarnróid.
- 16) DEARBHAÍTEAR go bhfuil gá ag ERTMS le comhtháthú idir trealamh ar bord agus trealamh taobh riain, agus leis sin is gá cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na ngnóthas iarnróid agus bainisteoirí bonneagair agus CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le neamhréireachtaí a réiteach idir aonaid ar bord agus aonaid taobh riain.
- 17) CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur réamhchoinníoll rithábhachtach é teacht ar réitigh iontaofa agus cost-éifeachtacha le haghaidh trealamh ETCS atá ar bord na feithicle cheana chun an rothstoc atá ann cheana a iarfheistiú le haghaidh an aistrithe go ERTMS agus SPREAGANN SÍ an próiseas comhchuibhithe a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach chun tástáil a dhéanamh ar aonaid ar bord agus chun iad a fhorbairt.
- 18) AITHNÍONN SÍ na conclúidí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil gá ann díriú níos fearr ar an gcistiúchán atá ar fáil ón Aontas maidir le tionscadail ERTMS, do chláir atá faoi bhainistíocht chomhroinnte agus do chláir atá faoi bhainistíocht dhíreach araon:
 - (a) nuair a leithdháiltear é ar threalamh taobh riain, go ndírítear ar na codanna trasteorann agus ar chonairí an chroíghréasáin gan infheistíochtaí eile a eisiamh ó chistiúchán an Aontais, amhail tionscadail trealamh taobh riain atá lasmuigh de na codanna trasteorann agus lasmuigh de chonairí an chroíghréasáin;
 - (b) nuair a leithdháiltear é ar threalamh ar bord, go ndírítear ar oibríochtaí a bhaineann le trácht idirnáisiúnta.

- 19) AONTAÍONN SÍ le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an ngá atá ann leis na nósanna imeachta maidir le cistiúchán SCE a oiriúnú chun léiriú níos fearr a thabhairt ar shaolré tionscadal ERTMS.
- 20) MEABHRAÍONN SÍ go ndearna an Chúirt a eachtarshuíomh go bhféadfadh riachtanais infheistíochta le haghaidh imscaradh ERTMS, mar aon leis an obair ghaolmhar maidir le conairí an chroíghréasáin a chur chun feidhme go dtí 2030 a bheith suas le € 80 billiún agus IARRTAR ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú breise a dhéanamh ar chostas iomlán d'imscaradh ERTMS ar fud an Aontais.
- 21) CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh sásraí éagsúla airgeadais ag teastáil le haghaidh imscaradh ERTMS ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus SPREAGANN SÍ an úsáid is mó a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais atá dírithe ar imscaradh ERTMS i gcás inarb iomchuí.
-